

ECDC CORPARÁIDEACH

Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra 2011

Achoimre

I 2011, d'éirigh le ECDC formhór dá Chlár Oibre a chur i bhfeidhm. Ag an am céanna, d'éirigh leis a aschur a mhéadú, a struchtúir a chomhdhlúthú agus a chomhpháirtíochtaí a fhorbairt sa bhreis d'fhonn déileáil leis an ngá atá le freagairt ar bhonn níos éifeachtaí don bhaol a bhaineann le galair thógálacha san Eoraip. Chomh maith le príomhghnóthachtálacha an Ionaid i 2011 a chur i láthair, cuimsíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo, in iarscibhinn 1, táblaí a léiríonn cur chun feidhme mionsonraithe Chlár Oibre 2011, mar a d'fhaomh an Bord Bainistíochta i Samhain 2010.

Acmhainní

Laghdaíodh buiséad lárnach an Ionaid ó EUR 57.8 milliún i 2010 go dtí EUR 56.6 milliún i 2011 (-2%). Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí 270 duine i bhfoireann bhuan ECDC (gníomhairí sealadacha (GS), gníomhairí conartha (GC) agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNI)).

Obair a bhaineann le galair

Lean ECDC le forbairt a dhéanamh ar uirlisí le haghaidh obair eolaíochta, gníomhaíochtaí faireachais, bunachair shonraí agus líonraí agus le forbairt acmhainne agus oiliúint a eagrú don sé ghrúpa galar faoina chúram. Bhí sé seo i gcomhréir leis an gClár Oibre Bliantúil agus leis na '*Straitéisí do chláir ghalar-shonracha 2010-2013*', arna bhfaomhadh ag an mBord Bainistíochta i 2009.

I ndáil le **frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte**, bhain príomhimeachtaí 2011 le comhtháthú an Líonra Eorpaigh um Fhaireachas ar Thomhaít Ábhar Frithmhiocróbach (ESAC-Net) go ECDC agus forbairt a dhéanamh ar **mhódúil Córais Eolais um Fhaisnéis Eipidéime (EPIS) do AMR agus HAI**. Tháinig ECDC measúnú riosca freisin ar leathadh *Enterobacteriaceae* carbapenemase-táirgeach (CPE) trí aistriú othar idir áiseanna cúram sláinte, le béim ar leith á leagadh ar aistriú trasteorann, chomh maith le nuashonrú ar a mheasúnú riosca ar leathadh an New Delhi metallo- β -lactamase agus a athraithigh laistigh den Eoraip. Imeacht suntasach eile ba ea an ceathrú Lá Eorpach bliantúil um Fheasacht ar Antaibheathaigh, comhordaithe ag ECDC i Samhain 2011. Rinneadh tuairisciú go forleathan ar an imeacht, a leag béim ar mhéadú na frithsheasmhachta in aghaidh antaibheathaigh líne deireanaí, ar fud na hEorpa le hiomlán de 611 airteagal mar gheall air idir 15 Deireadh Fómhair agus 15 Nollaig 2011. Ar deireadh, chuir ECDC i gcomhar le Euronews, clár faisnéise i láthair a thaispeáin othair Eorpacha ag eachtrú a scéalta maidir le conas a bhí tionchar ag ionfhabhtú le baictéar frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí dá leithéid ar a saol. Meastar, thar tréimhse sé mhí craoltóireachta, go bhfeicfidh tuairim agus 12 milliún lucht féachana an clár faisnéise seo.

I réimse na **ngalar nua agus veicteoir-iompartha**, chomhdhlúthaigh ECDC an líonra le haghaidh feithideolaithe leighis agus saineolaithe sláinte poiblí ar ghalair artrapód veicteoir-iompartha (VBORNET). Tháinig an líonra léarscáileanna dáileacháin nuashonraithe maidir le speicis ionracha muiscítí agus a bhfaireachas orthu chomh maith

le tosú ar shonraí ghrúpaí veicteora eile a bhailíochtú (mioltóga gainimh). Bunaithe ar shuirbhé a rinneadh i 2010 ar ghníomhaíochtaí agus ar riachtanais na mBallstát, forbraíodh treoirlínte chun faireachas a dhéanamh ar na príomh-veicteoirí de ghalair daonna andúchasacha. I ndáil le galair sceartán-iompartha, bhí an obair a rinne ECDC leis na saineolaithe dírithe ar stádas infhógartha na ngalar seo. I ndáil le galair mhuisicít-iompartha, rinneadh léarscáileanna de dháileadh na gcásanna dearbhaithe daonna d'fhiabhras na Níle Thiar san AE agus sna tíortha comharsanachta a tháirgeadh ar bhonn seachtainiúil. Ar deireadh, dhirigh an líonra ECDC ar ghalair víreasacha iompórtáilte a chuid gníomhaíochtaí ar fhreagairt do ráigeanna, ar dhearbhu cáilíochta seachtrach agus ar thacaíocht shainiúla do mhicribhitheolaithe i mBallstáit.

Sa chlár do **ghalair a iompraítear i mbia agus in uisce agus zónóisí**, thug ECDC freagra mear ar an dianráig náisiúnta den *E. coli* tocsain-táirgeach Shiga sa Ghearmáin trí mheasúnuithe riosca a tháirgeadh chomh maith le nuashonruithe rialta eipidémeolaíochta, tacaíocht shaotharlainne agus chliniciúil a eagrú, agus comhoibriú go dlúth leis an EFSA, an Coimisiún agus na Ballstáit. Bhí tionchar ag an ráig freisin ar thaistealaithe ó thíortha eile. Tá na hullmhúcháin i ndáil le hardán teicniúil a fhorbairt do bhailiú sonraí tíopála móilíneacha i TESSy tagtha chun cinn go sásúil.

I réimse na **n-ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, lena n-áirítear VEID/SEIF agus víris fhuil-iompartha**, d'fhoilsigh ECDC treoir maidir le cosc a chur ar ghalair theagmhálacha i measc daoine a úsáideann drugaí trí instealladh, i gcomhar leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA), bunaithe ar mheasúnú fhianaise-bhunaithe chlár choiscitheacha agus ar thuairimí saineolaíochta. Seoladh an chéad tuarascáil faireachais IGT a chuimsigh sonraí 20 bliain maidir le cúig IGT, inar léiríodh an ilchineálacht reatha i gcúram agus i dtuairiscíú cásanna agus ag cur béim ar na dúshláin maidir le feabhas a chur ar an tuiscint ar eipidémeolaíocht IGT i mBallstáit. Léirigh Euro-GASP bagairt leanúnach i ndáil le gónairith frithsheasmhach in aghaidh ildrugai. Cuireadh faireachas feabhsaithe heipitéas B agus C i bhfeidhm agus rinneadh bailiú sonraí a stiúradh don chéad uair. Seoladh roinnt tionscadail agus é mar aidhm leo tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit clár choiscitheacha agus rialaithe a neartú don todhcháil.

I ndáil leis an **bhfliú**, sheachaid ECDC trí cheardlann ar ullmhacht phaindéimeach, ina raibh tíortha AE rannpháirteach iontu, i gcomhar le hOifig Réigiúnach na hEorpa de chuid an EDS agus sheachaid an EDS an ceathrú ceardlann do thíortha nárbh tíortha AE/LEE iad. I mbliana, d'ullmhaigh ECDC sraith straitéisí nua i ndáil leis an bhfliú don phobal i gcoitinne agus d'oibríthe cúram sláinte. Stiúir ECDC athbhreithniú fianaise-bhunaithe ar impleachtaí na himdhionachta fliú i leanai agus i mná torracha. Lena chois sin, lean ECDC ag treisiú an fhaireachais Eorpaigh ar ghalair thromchúiseacha agus ar bhásanna tromchúiseacha de dheasca an fhliú. I ndáil leis an bhfliú séasúrach, d'fhorbair ECDC measúnuithe riosca do shéasúr 2010–2011, mar aon le hobair chumarsáide a chomhdhlúthú agus tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach chun Moladh Chomhairle Sláinte an AE 2009 maidir leis an vacsaín don fhliú séasúrach a chur i bhfeidhm chomh maith leis na suirbhéanna VENICE i ndáil le beartais agus cumhdach vacsaíní (fliú paindéimeach agus séasúrach).

I ndáil le **heitinn**, forbraíodh caighdeán an Aontais Eorpaigh um chúram eitinne chomh maith le caighdeán othar-dhírith do chliniceoirí agus d'oibríthe sláinte poiblí, agus foilseofar iad in Aibreán 2012. Tríd an gclár rinneadh comhordú go rathúil ar ghníomhaíochtaí an Lá Domhanda Eitinne, leis na gníomhaíochtaí ag díriú ar dhúshlán na heitinne luath-óige. Lean an obair maidir le treoir fhianaise-bhunaithe ECDC a sholáthar, inar díríodh, le linn 2011, ar threoir a fhorbairt i ndáil le bainistiú a dhéanamh ar theagmhálacha le daoine le heitinn fhritsheasmhach in aghaidh ildrugai.

I measc na mórghnóthachtálacha i 2011 do **ghalar na Léigiúnach** bhí cur i láthair EPIS don líonra ELDS, cúrsaí ar ghalair na Léigiúnach agus ar mhodhanna-sainiúla saotharlainne do rannpháirtithe na mBallstáit, mar aon le suirbhé a stiúradh ar acmhainní saotharlainne sna Ballstáit. Forbraíodh sraith straitéisí le hiniúchadh a dhéanamh ar ráigeanna de ghalair na Léigiúnach.

I ndáil le **galair inchoiscthe trí vacsaíníú**, aistriodh an líonra EUVAC go rathúil chuig ECDC, ag cur críoch le haistriú na ngníomhaíochtaí uile faireachais AE chuig ECDC. Chuidigh ECDC go gníomhach le forbairt Chonclúid na Comhairle i ndáil le vacsaíníú luath-óige, a tionscnaíodh faoi Uachtaránacht na hUngáire. Tosaíodh ar chóras nua faireachais do ghalair ionracha níumacocúla san AE. Thacaigh ECDC go láidir leis an measúnú sábháilteachta ar vacsaíní um fhliú paindéimeach, ag comhlíonadh staidéir tríd an líonra VAESCO ar an riosca narcailéipse tar éis vacsaíníú Pandemrix a fháil. Reáchtáladh an tríú comhdháil Eurovaccine ag ECDC i Nollaig 2011, comhdháil ina raibh 50 rannpháirtí ar an láthair i Stóicólm agus 1357 rannpháirtí páirteach trí chraoladh gréasáin.

Feidhmeanna sláinte poiblí

Ó thráth a bhunaithe cúig bliana ó shin, leagann ECDC béim láidir ar fhorbairt leanúnach a fheidhmeanna sláinte poiblí: faireachas, comhairle eolaíoch, ullmhacht agus freagairt, oiliúint agus cumarsáid sláinte. Anois de bharr céim chomhdhlúthaithe a bheith glactha ag ECDC, tá na feidhmeanna sláinte poiblí bunaithe go daingean. I 2011, neartaigh ECDC a bhonneagar níos mó mar aon le mionchoigeartú a dhéanamh ar a mhodhanna oibriúcháin, ag oibriú i gcomhar leis na Clár um Ghalair Shonracha le go gcuirfí táirgí insoláthartha ar ardchaighdeán ar fáil dár bpáirtithe leasmhara agus do shaoránaigh na hEorpa.

Faireachas

Faoi fhómhar 2011, agus le haistriú EUVACNET, aistriodh gach líonra tiomnaithe faireachais a seachfhoinníodh roimhe seo go comhordúchán ECDC. Thacaigh ECDC freisin le húsáideoirí TESSy sna Ballstáit i ndáil le doiciméadúchán, oiliúint agus feidhmiúlacht mhéadaithe don ardán. Cuireadh síneadh leis, mar aon le simpliú breise ar, an nós imeachta maidir le sonraí faireachais TESSy a bheith á roinnt le tríú páirtithe. Ba í 2011 an bhliain inar bailíodh an leibhéal is airde sonraí ó chuaigh ECDC i mbun oibriúcháin. Chomh maith lena Thuarascáil Epidéimeolaíoch Bhliantúil, d'fhoilsigh ECDC 63 tuarascáil faireachais ar ghalair éagsúla. Bhí líon ard airteagal, de choimirthe agus de léirithe bunaithe ar anailísíú agus ar léirmhíniú na sonraí faireachais a bailíodh le linn 2011.

Tacaíocht eolaíochta

I 2011 d'eagraigh ECDC an cúigiú comhdháil bhliantúil ESCAIDE i Stócólm, comhdháil ina raibh nach mór 600 saineolaí sláinte poiblí, eipidéimeolaí agus micribhitheolaí i láthair. Rinneadh 180 cur i láthair ó bhéal agus cuireadh 180 póstaer ar taispeáint. Iarradh ar ECDC measúnú riosca agus comhairle theicniúil a sholáthar ar raon saincheisteanna, lena n-áirítear m.sh. comhairle eolaíoch maidir le sábháilteacht fhíocháin agus chealla. Ó cheann ceann na bliana, tháinig méadú ar an úsáid á baint as an gCóras Stóir agus Bainistíochta um Chomhairle Eolaíoch [*Scientific Advice Repository and Management System*] (SARMS) le bainistíú agus taifeadadh a dhéanamh ar threoir.

Reáchtáil ECDC cruinniú um athrú aeráide i Samhain 2011, cruinniú a dhirigh ar ionadaithe na mBallstát a sholáthar le rochtain ar shraith acmhainní agus uirlisí tacaíochta cinnidh, forbartha ag ECDC d'oiriúnú athraithe aeráide. Forbraíodh foireann uirlisí bogearraí atá éasca le húsáid a cheadóidh do Bhallstáit a n-ualach náisiúnta de ghalair theagmhálacha a mheas, agus léireofar é seo trí bhlianta saoil faoi mhíchumas (DALYs). I mí na Nollag, cuireadh an foireann uirlisí seo agus a straitéisí forfheidhmiúcháin do 2012, chomh maith le príomhghnéithe na modheolaíochta BCoDE i láthair do Bhallstáit leasmhara. Foilsíodh tuarascáil dheiridh an ghrúpa oibre ar mhodheolaíochtaí leighis fhianaise-bhunaithe (EBM) do shláinte poiblí i 2011. Tugtar aghaidh sa tuarascáil ar cheisteanna maidir le comhairle fhianaise-bhunaithe a chur ar fáil i ngnáthchúinsí oibriúcháin an Lárionaid, .i. nuair nach mór an fhianaise ná an t-am atá ar fáil. Bhunaigh ECDC clár oiliúna ar EBM freisin d'foireann ECDC agus do Bhallstáit, clár oiliúna EBM maidir le sláinte poiblí/galair thógálacha a chosc agus a rialú, agus rinneadh an chéad chúrsa a sheachadadh do lucht seachtraigh i mBealtaine 2011.

Uillmhacht agus freagairt

I 2011, tháinig ardán nua um measúnú riosca ar ghalair inchoiscthe trí vacsainíú i bhfeidhm. Rinne ECDC measúnú agus monatóireacht ar na rioscaí a bhain le galair theagmhálacha ag imeacht amháin a raibh na sluaite i láthair ann. Tuairiscíodh 64 bagairt ábhartha i gcomhthéacs an AE tríd an EWRS ECDC-reáchtáilte. Ar an iomlán, cuireadh 28 measúnú ar bhagairt i dtoll a chéile agus roinneadh iad leis na Ballstáit. Chomh maith leis sin, sholáthair ECDC saineolaíche ar an láthair le tacú le Ballstáit déileáil le ráigeanna maláire agus ráigeanna de vireas na Níle Thiar sa Ghréig. Lasmuigh den AE, bhí saineolaíche ECDC ar an láthair i Háití le linn na ráige calair a tharla de dheasca crith talún an 12 Eanáir 2010.

Bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ón ráig *E. coli* (STEC) i 2011, rinne ECDC athbhreithniú ar a Phlean Inmheánach Oibríochtaí um Theagmhais Sláinte Poiblí (PHE-OP) agus chríochnaigh sé a phlean leanúnachais ghnó. Reáchtáil ECDC roinnt ceardlanna de chleachtaí ionsamhlaithe d'foireann ECDC agus do shaineolaíche na mBallstát. I 2011, reáchtáil ECDC agus Eorpól ceardlann dar teideal 'Dearcadh na hEorpa i ndáil le comhar idirghníomhaireachta i réimse na mbagairtí agus rioscaí CBRN-bhunaithe (EPICO)' [*European perspectives for interagency cooperation in the field of CBRN-related threats and risks (EPICO)*]. Tugadh cuireadh do ghníomhaireachtaí agus d'institiúidí ábhartha eile straitéisí comhoibríthe a mhalartú, bearnaí féideartha a aithint agus féidearthachtaí agus acmhainní nua a aimsiú. Chuidigh an ceardlann le cur chun cinn breise a dhéanamh ar idir-inoibrítheacht agus ar shineirge i ndáil le hullmhacht agus dhéileáil sí le brath na mbagairtí agus na nguaiseacha intinníúla CBRN, mar aon le freagairt a thabhairt orthu.

Oiliúint

Reáchtáladh gníomhaíochtaí oiliúna chun acmhainn a fhorbairt, lena n-áirítear clár chomhaltachta dhá bhliain cosúil le EPIET agus EUPHEM. Tar éis measúnú a dhéanamh ar EPIET, cuireadh 'clár rianaithe Ballstát' san áireamh in obair reatha an AE, d'fhonn cur le húinéireacht na mBallstát ar an gclár. Ina theannta sin, rinne cheithre Bhallstáit iarratas go ndéanfaí comhaltaí óna gClár Náisiúnta Oiliúna a chuimsiú i gcohort 2011 mar "Chlár ghaolmhara EPIET". Dá réir is 40 comhalta go hiomlán a bhí i gcohort 2011. Eagraíodh 24 turas ar fad chuig Ballstáit mar chuid de ghníomhaíochtaí inmheánacha dearbhaithe cáilíochta na gclár EUPHEM agus EPIET. Lena chois sin, d'eagraigh ECDC roinnt sainchlár oiliúna agus d'fhorbair sé an Lámhleabhar Wiki ar Eipidéimeolaíocht Allamuigh (FEM Wiki). I 2011 ghnóthaigh ECDC lánchreidiúnú UEMS (oideachas leanúnach leighis) do gach cúrsa oiliúna ECDC. Cuireadh sainoiliúint ar fáil maidir le himdhionadh fluí agus forfheidhmiú Mholadh Chomhairle an AE.

Cumarsáid sláinte

I 2011, d'eisigh ECDC 122 foilseachán eolaíochta. Is ionann láithreán gréasáin ECDC, a seoladh i 2009, agus foinse thábhachtach eolais don Eoraip maidir le ceisteanna sláinte poiblí, le nach mór leath-mhilliún cuairteoir ag tabhairt cuairt ar an láithreán i 2011. Tá na meáin ar bhealach fíorthábhachtach eile inar féidir dul i dteagmháil le daoine seachas trí láithreáin gréasáin, agus cothaíonn an phreasoifig an comhchaidreamh seo le hiriseoirí sláinte. Bhí preasoifig ECDC an-ghníomhach le linn na ráige STEC. I 2011, cheiliúir Eurosurveillance a chomóradh 15 bliana. Foilsíodh tríd an irisleabhar 190 cumarsáid ghasta agus airteagal rialta, mar aon le 16 eagarfocal, 10 litir agus 39 mír eile. Leanann ECDC ag forbairt taighde ar chumarsáid sláinte agus ag tacú le gníomhaíochtaí cumarsáide sláinte na mBallstát trí mhapaíl chórasach na ngníomhaíochtaí cumarsáide sláinte san Eoraip, trí dhea-chleachtais a bhaineann le daonraí leochaileacha agus bacainní vacsainithe a roinnt chomh maith le sraith foilseacháin dar teideal "léargais i ndáil le cumarsáid sláinte" [*insights into health communication*] a fhoilsiú.

Comhpháirtíochtaí

I 2010, chinn ECDC an bealach a bhí aige oibriú leis na Ballstáit a fheabhsú agus a shimplíú, agus i 2011 ainmníodh Comhlacht Inniúil Comhordaithe amháin i ngach tír. Eagraíodh roinnt cuairteanna tíre i 2011, leanadh ar aghaidh go rathúil leis an tionscadal eolais tíre agus le forfheidhmiú an bheartais ECDC um chomhoibriú le tríú tíortha, ar ghlac Bord Bainistíochta ECDC leis i Samhain 2010. Neartaíodh an comhoibriú idir tíortha iarrthóra AE agus tíortha féideartha iarrthóra, ag díriú ar dhá phríomhghníomhaíocht: forfheidhmiú an tionscadail ECDC IPA 2009/202-963, ceapadh tionscadal nua ECDC 2011/282-291, agus uirlis mheasúnaithe nua a fhorbairt, táirgthe i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach/Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus um Chosaint Tomhaltóirí (DG SANCO). Neartaíodh chomh maith céanna an caidreamh idir-institiúideach le Parlaimint na hEorpa, Comhairle na nAirí, an Coimisiún Eorpach, gníomhaireachtaí Eorpacha eile, EDS agus píar-institiúidí ECDC sna Stáit Aontaithe, sa tSin agus i gCeanada chomh maith le roinnt ENRanna idirnáisiúnta sna réimsí céanna nó cosúla le ECDC. Bhain suntas faoi leith le Stiúrthóir ECDC agus Stiúrthóir Réigiúnach na hEorpa de chuid an EDS ag siníú comhaontú riaracháin, agus ábhar suntas eile ba ea cuairt ag toscaireacht ón bParlaimint faoi cheannaireacht an Chathaoirligh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI), chuig ECDC.

Ceannaireacht

Lean ECDC ag oibriú de réir na sraithe luachanna ar glacadh leo don eagraíocht i 2010: gur cóir go mbeadh an eagraíocht tiomanta, dírithe ar sheirbhís agus feidhmiú mar aon fhoireann amháin aontaithe ECDC. Eagraíodh trí chruinniú leis an mBord Bainistíochta agus ceithre chruinniú leis an bhFóram Comhairleach, le tacaíocht ó 'eislíon' tiomnaithe comhoibriúch.

Ar 1 Aibreán 2011, chuir ECDC athruithe tábhachtacha i bhfeidhm maidir leis an gcaoi ina ndéantar an Lárionad a struchtúrú le go gcuirfí feabhas ar an bhfócas ar chomhtháthú barr feabhais agus ar sholúbthacht inár gcuid oibre. Tar éis an atheagraithe, lean forfheidhmiú an Chlár Oibre 2011 chun cinn de réir mar a bhí pleanáilte d'fhormhór na ngníomhaíochtaí. Tar éis iniúchta ag an Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, cuimsíodh roinnt gnéithe nua d'ullmhú Chlár Oibre 2012: chuimsigh siad sin buiséad iomlán gníomhaíocht-bhunaithe, cuspóirí, táscairí agus spriocanna chomh maith le measúnú riosca. Tá an beartas bainistíochta cáilíochta i bhfeidhm anois, leis an bpróiseas CAF* tosaithe ó dheireadh 2011. Mar thoradh ar an bhféin-mheasúnú seo glactar le cúig ghníomhaíocht tosaíochta a chuirfidh feabhas ar an bhfeidhmíocht eagraíochtúil mar chuid de Chlár Oibre 2013.

Riarachán

Lean an tAonad Bainistíochta agus Comhordaithe Acmhainní ag tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla ECDC i rith na bliana. Laghdáidh buiséad lárnaigh an Lárionaid ó EUR 57.8 milliún i 2010 go EUR 56.6 milliún in 2011 (-2%). I Meitheamh 2011, d'eisigh an Bord Bainistíochta tuairim dhearfach i ndáil le cuntais bhliantúla an Lárionaid do 2010. Earcaíodh roinnt comhaltaí foirne nua agus dá bharr bhí 270 duine fostaithe sa Lárionad ag deireadh na bliana. Bhí rannóg na nAcmhainní Daonna fíorghníomhach i dtacú le hatheagrú ECDC: ag táirgeadh cairteacha nua eagrúcháin agus liostaí comhaltaí foirne, bainisteoirí nua á n-ainmniú, bainisteoirí nua a n-ullmhú dá gcuid dualgas trí chuspóirí a leagadh síos dá gcuid comhaltaí foirne. Sheol an Lárionad a nós imeachta nua inmheánach i ndáil le hearcú agus roghnú d'fhonn trédhearcacht an phróisis roghnaithe agus earcaíochta a neartú. I 2011, reáchtáladh os cionn míle misean do chomhaltaí foirne ECDC, 238 cruinniú agus bhí níos mó ná 3000 rannpháirtí seachtrach i láthair ag cruinnithe nó agallaimh ECDC. Comhlíonadh os cionn 130 soláthar. D'infheistigh ECDC thart ar ocht milliún Euro i TFC i 2011; caitheadh leath den mhéid sin chun feidhmchláir oibríochtúla a fhorbairt do ECDC, dá chomhpháirtithe seachtracha, agus do na Ballstáit; caitheadh an leath eile chun tacaíocht a sholáthar do na feidhmchláir agus seirbhísí eiseacha. Bunaíodh cumarsáid inmheánach, le tacaíocht ó uirlisí éagsúla (inlíon,


* Comhchreat Measúnaithe (CAF), uirlis iomlán bainistíochta cáilíochta deartha ag an Institiúid Eorpach um Riarachán Poiblí (EIPA) ag leanúint Samhail Barr Feabhais an EFQM agus Samhail Barr Feabhais Ollscoil na Gearmáine um Eolaíochtaí Riaracháin i Speyer.

nuachtlitir) d'fhonn feabhas ar chur ar an sreabhadh inmheánach eolais agus chun éifeachtacht an Lárionaid a fheabhsú.

Cur Chun Feidhme an Chláir Oibre 2011: Forbhreathnú

Bhí ECDC in ann 90% de na gníomhaíochtaí ina chlár oibre a chur i bhfeidhm, ag sárú a sprioc forfheidhmithe buiséid: bhain forghníomhú buiséid ag deireadh 2011 amach 96% do cheangaltais agus 76% d'íocaíochtaí.

Figiúr 1: Cur Chun Feidhme an Chláir Oibre 2011 de réir sprice. Féach sonraí in Iarscríbhinn 1.



Spric/DSP	Iomlán	Comhlíonta	I bPáirt	Moillithe	Ar Atráth	Cealaithe
ARHAI	15	13		1	1	
EVD	7	7				
FWD	9	7	1		1	
Léigiúnalóis	9	8	1			
HASH	12	12				
Fliú	10	7		1	1	1
Eitinn	8	5		2		1
VPD	12	11	1			
Faireachas	9	9				
Comhairle eolaíoch	11	11				
Ullmhacht / freagairt	13	11		2		
Oiliúint	8	8				
Cumarsáid sláinte	14	13	1			
Comhpháirtíochtaí	9	8				1
Ceannaireacht	9	8			1	
Riarachán	21	20	1			

IOMLÁIN	176	158	5	6	4	3
%	100%	90%	3%	3%	2%	2%